Conan Maol
Aodh O Neill

PB
1399
C48A55

UNIVERSITY OF TORONTO

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

Leaḃráin an "Ċlaiḋiṁ Soluis."—I.

Aoḋ Ó Néill

"Conán Maol"

do scríoḃ.

Pádraig Ó Seaghdha
1855–1928

Ar n-a ċur amaċ
do
Connraḋ na Gaeḋilge
i mBaile Áṫa Cliaṫ,
1902.

Trí pinginn.

Léiġ ——

An Claiḋeaṁ Soluis

Gaċ Uile Seaċtṁain.

Bíonn sgéalta, seanċas, dánta, aṁráin.
agus ceól ann i nGaeḋilg.

Tá ceaċta ann le haġaiḋ luċt foġluma na Teangaḋ; ⁊ ċeaċta insan Moḋ Réiḋ le Gaeḋilg d'ḟoġluim.

Ina teannta soin, tá tuairisg ann ar an gcuma is fearr leis an teanga do ṁúnaḋ do ṗáisdiḃ sgoile; ⁊ cunntais ar imṫeaċt na nGaeḋilgeóirí ins gaċ áit ina ḃfuilid. Níl air aċt Pinginn 'san tseaċtṁain.

Tá snas nua ar

Irisleaḃar na Gaeḋilge.

Tá ealḋantas agus easarluiġeaċt,
ceárduiġeaċta
gnóṫaċ ag cur pictiúirí ann.

Tá malairt fosda ar na blúiriḃ Gaeḋilge atá ann. Tá níosa mó nuaiḋeaċt ann, aċt níor sguireaḋ ag tabairt na míniġṫe do ba gnáṫaċ a ċur ar an nGaeḋilg neaṁ-ċoitċeann.

Ní'l air anois aċt toisdiún.

aoḋ ó néill.

“conán maol”

Do sgríoḃ.

Cloḋ-ḃuailte
ag Luċt na Mainstreaċ,
i n-Oifig "An Claiḋeaṁ Soluis,"
9 Sráid Mór an Tráġa,
Át-Cliaṫ.

Aodh

Aoḋ Ó Néill

DRAMA,

do sgríoḃ

“Conán Maol.”

(tógṫa ó'n gclaiḋeaṁ soluis).

Ar n-a ċur amaċ
do
Ċonnraḋ na Gaeḋilge
i mBaile Áṫa Cliaṫ,
1902.

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY
14 JUN 1976

PB
1399
C48A55

COṀLUADAR :

◆

Meáible Bagenal, bean-uasal Sagsan.
Estar (bean uasal), cara Ṁeáible.
Siográḃ, Gaeḋeal-Ġall.
Bagenal, taoiseaċ airm Ṡasana, dearḃráṫair Ṁeáible.
Mac Uilliam, an fear ionaid Bainrioġana.
Ua Néill Ulaḋ.
Triúr Gallóglaċ (Tiġearnaí i gculaiṫiḃ gallóglaċ).
Dóirseóir, fir frioṫálta, giolla.
Cáit Ḋuḃ, Gaeḋeal-Ġall.
Teaċtaire Bainrioġana.
Fear raḃaḋ, nó ballsaire.
Gallóglaiġ, ceiṫearnaiġ, agus braiġde.
Cláirseóir.
Píobaire.
Rinnceóir.
Seaġán Ua hÓgain, rúnaire Uí Néill.
Easbog.
Ollaṁ Uí Néill.
Beirt ḟear faire.
Móirḟeisear saiġdiúirí.

Aoḋ Ó Néill.

RAḊARC I.

Áit: Teaċ clúṫmar i nDroiċead-Áṫa. Uain: Oiḋċe ġealaiġe ṡamraiḋ.

[Beirt cailíní ag fuaġáil gréasa.]

Meáible.—A Estair, dún an ḟuinneóg; tá faitċios orm anoċt.

Estar.—Cad tá ar mo ġráḋ gil anois? Tá an oiḋċe ciúin agus geal; tá ba 'na suan ar ṁaċairíḃ míne agus caoiriġ go clúṫmar ag cogaint a gcíoraċ ar sgáṫ na bḟál.

M.—An ċaora 'na suaiṁneas, aċt cá bḟuil an t-uan, a Estair?

E.—Cá mbéaḋ sé, a laoġ, aċt le cois a ṁáṫar.

M.—Fóiríor! is fada ó na máṫair Meáible Bagenal. Mo léan! gan mé lem' ṁáṫair. Cogar i leiṫ, a Estair; ċonnac-sa sgáil ó ċianaiḃ ṫuas annsain le taoḃ an toir droiġin. Ba ċosṁail le taiḃḃse í, má tá a leiṫéidí ann.

E.—Ná tabair srian do ḟílteannaiḃ agus ná géill do ṗiseógaiḃ, a Ċaiṫis mo ċroiḋe.

M.—Ċonnac an sgáil go háiriṫe; agus creideann na hÉireannaiġ go mbíonn daoine maiṫe ag daṁas lasmuiċ nuair ġileann an rae na ceanntair.

E.—Daoine maiṫe! Cúis ġáire ċúgainn. Ba ḃaoṫ an smuaineaḋ é, aċt ṡílear aon uair aṁáin gur droċ-ḋaoine muinntir na hÉireann go léir——O, a Ḋia! cad é sin?

M.—Aṁastraiġ ⁊ sceaṁuiġeal na bḟaol-ċon; níor ṁaiṫ liom ḃeiṫ lasmuiċ anoċt.

[Cloiseann an ḃeirt ḃan cos i n-áirde capaill, búiṫre aḋairce, ⁊ bualaḋ dian ar ċnap cóṁlann na faiṫċe.]

Dóirseóir [lasmuiċ].—Cia tá annsúd—naṁaid nó cara?

Fear—Mise Síográḃ. Fosgail go déaġair—tá mo ċapall tabarṫa. Gléas dá ċapall láiṫreaċ, ⁊ sgaoil na coin fá'n dtír. D'ḟóbair go stolfaḋ na macatíre mé—nár ċualuiġis ag aṁastraiġ iad?

[Tigeann an Ridire SÍOGRÁḂ isteaċ.]

SÍOGRÁḂ.—Móra ḋíḃ, ⁊ duit-se go sonnraḋaċ, a ḃruinneall óig. Baḋ ṁaiṫ liom suiḋe led' ċois go fóill, 'gus éisdeaċt leis an nguṫ do ḋúisiġeann gráḋ na laoċ; aċt sé mo raḃaḋ ḋuit ḃeiṫ gan ṁoill ar muin na láraċ duiḃe tá ins an mainreaċ ṫíos d'á gléasa ag an ḃfear.

Meáible.—Cad é fáṫ an turais seo? Ní tuigim é, ná fós an briġ atá led' ċainnt. Tá lár na hoiḋċe ann; ní gnáṫaċ lem' leiṫéid-si triall le fear im' aonar tríd an tír nuair ḃéas an saoġal 'na ṡuan.

S.—Tá do ċúṁal id' ṫeannta; máiseaḋ bíoḋ capall eile ullaṁ di, giḋ gur b'é órduġaḋ an ridire Bagenal ṫusa féin amáin do ṫaḃairt 'na láṫair.

M.—Táim-se im' ṁarcaċ ṁeaṫta istoiḋċe, agus fós tá'n mactíre lasmuiċ do ċuirfeaḋ sgéan ar mo ċapall.

S.—D'á olcas é an mactíre tá níos measa 'ná é lasmuiċ, aċt inneósaiḋ do ḋearḃráṫair duit fáṫ an deaḃaiḋ; tá Aoḋ Ó Néill ar tí tú ḟuadaċ. Ná bíoḋ eagla ort ar a ṡon sain, mar tugaim na móide duḃa go mbéiḋ Síográḃ na Sagsan fá na ṡáil sul mbéir-si id' leanán aige.

M.—Ċualas tráċt ar Aoḋ Ó Néill, agus ċonnac é leis aon uair amáin; ní ceart duit beart do ċur 'na leiṫ ná béiḋ sé cionntaċ di ar ór an tsaoġail.

S. [i leaṫ taoiḃ]—Dar Rí na nDúl, béiḋ fuil a ċroiḋe agam. [Ós árd.] Tá an oiḋċe 'gá caiṫeaṁ; is cóir dúinn beiṫ ar siuḃal. A ḃean uasal ṁánla. Béiḋ an ridire Bagenal ag feiṫeaṁ linn go neaṁ-ḃfoidneaċ.

[Síográḃ as láṫair.]

E. [ag féaċaint 'na ḋiaiḋ]—Go n-éirġiḋ an t-áḋ leat! Do b'ḟearr linn do ċúl 'ná do ċeannaiġṫe.

M.—A Estair, caiṫfeam gluaiseaċt. Is é nós na mban géilleaḋ. Dá ḃfaġainn mo roġa, do b'ḟearr liom suiḋe annso ag éisteaċt le hoċón na dtonn ag briseaḋ amuiċ ag béal na Bóinne.

E.—Fan, mar sin, agus leig do Ṡíográḃ filleaḋ ar n-ais, a ċuaird i n-airdeas.

M.—Ní láṁḟainn é, a Estair. Ní ḟeacuiġis riaṁ súla mo ḋearḃráṫar ag lasaḋ suas le feirg. Fosgail an ḟuinneóg go mbéiḋ gaoṫ ġlan ḟuar na hoiḋċe ag séiḋe ar mo leabaiḋ ḟolaṁ.

* * *

RAḊARC II.

ÁIT: Seómra ríoġaċta i gCaisleán Ḃaile-Áṫ-Cliaṫ.

UAIN: Maidin go moċ.

[An Ridire Bagenal agus Síoġráḋ 'na suiḋe ag bórd.]

Bagenal—Cár ḟágais an ḃean óg, mo ḋeirḃḟiúr ġráḋṁar?

Síoġráḋ—I nGlas Neiḋn lem' ṡiúr. Ceapaim gur mór léi Aoḋ Ó Néill. D'eitiġ sí triall lem' ċois aréir ó Ḋroiċead-Áṫa gur ḃagaras fearg a dearḃráṫar uirṫi. Dubairt léi go raiḃ Ó Néill ar tí í ḟuadaċ; aċt, mo ṫruaġ ṁór ṫú! níor ċuir sin garrabuic uirṫi, agus dar liaiġ, ċúm sí leiṫsgéal dó láiṫreaċ.

B.—Má ṁairim, a ḋuine, is amaideaċ í do ċainnt.

S.—Má's amaideaċ is fírinneaċ.

B.—Dar Naoṁ Seóirse, giḋ gur mór liom í, dá gcreidfinn tú, do ċuirfinn i slaḃraiḃ láiṫreaċ í ins an gcuas is doiṁne ⁊ is dorċa i ḃfíor-ioċtaraiḃ an Ċaisleáin.

S.—Ná déin a leiṫéid; aċt coṁairluiġim tú fir faire do ċur 'na feiḋil nó béiḋ Ó Néill 'na ḋearḃráṫair céile agat.

B. [ar buile le feirg]—Ní lúġa liom an deaṁan 'ná an fear sain, ná luaiḋ arís a ainm fá'm ċóṁair. Méirleaċ 'na ċroiḋe istiġ is eaḋ é, tá sé ag caḃruġaḋ le hÓ Dóṁnaill i gan ḟios; aċt tá sé ċoṁ glic le mada ruaḋ, agus ní ḟuil againn aċt amras fós air.

S.—Is clos dom go ḃfuil mórán luaiḋ fá ḋíon an tiġe aige.

B.—Is fíor sain, aċt is sé a leitsgéal do Ḟear Ionaid na Ḃainríoġna gur i gcoṁair dín dá ṫiġṫiḃ atá an luaiḋ úd aige.

S.—Mar ḋ'eaḋ!

B.—Seaḋ, atá an butún air 'sa deireaḋ áṁ; ḋiúltuiġ sé Sirriam do leigean 'na ċríoċaiḃ, ⁊ ċuir an Fear Ionaid fios air láiṫreaċ bonn, agus béiḋ sé annso i mbáraċ ċum cunntuis cruinn do ṫaḃairt ar a ṫréiġṫiḃ.

S.—Is binn liom do ġlór. Aċt fan go fóill—fillfiḋ sé aḃaile slán, is dóċa?

B.—Ní ḟuil air aċt amras fós, adeirim leat, agus go mór ṁór tá cloiċead nó sgríḃinn coimirce ó'n ḃFear Ionaid aige, agus ní leóṁfar bárr méire do ḃualaḋ air, toisg go mbéiḋ Cúige Ulaḋ ag brúċta le buile 'na ṫaoḃ.

S.—Brúċtaḋ sí léi. Ċífeam cad do ċífeam.

[Fosglann dóirseóir an doras. Seasann beirt ḟear frioṫálta ar gaċ taoḃ de'n ursain 7 uṁluiġid. Preabann SIOGRÁḂ 7 Bagenal 'na seasaṁ 7 uṁluiġid. Buaileann an fear ionaid, Mac Uilliam, isteaċ 7 suiḋeann ag an mbórd. Tugann a ġiolla litreaċa ċuige ar ṁias airgid.]

Mac Uilliam.—Do ṡroiċ Ó Néill annso go moċ. Is úṁal an fear é.

Bagenal.—A ṫiġearna, ceapaim go ḃfuil sé ag criṫ 'na ċroiceann.

[Bualaḋ ag an ndoras. Fosglann an dóirseóir.]

[Ó Néill agus Triúir Gallóglaċ ar láṫair.]

Ó Néill [Ag uṁluġaḋ a ċinn go huaiḃreaċ do'n ḟear ionaid].—Dia 7 Muire ḋuit a príoṁ-iarla Mac Uilliam. Mo ṁeas sár-úṁal duit-se agus dod' ċoṁluadar.

[Ní ċuireann an fear ionaid cor de aċt féaċann go géar ar Ó Néill].

B. [I nguṫ árd]—Crom do ġlún do'n ḟear-ionaid.

[Ní ċuireann O'Néill suim ann].

Mac Uilliam [go géar].—Ċím Iarla Ṫír Eoġain ar láṫair.

O'N.—Led' ṫoil do ḃronn an ḃainrioġain an tíodal san orm.

Mac U.—Is clos dúinn naċ mór led' ṁuinntir féin an tíodal sain 7 go nglaoḋaid go coitċeann "Ó Néill" ort. An dtaitniġeann an sean-ḟloinneaḋ easuṁail sin leat?

Ó N.—Ná tóg orm é, do b'é riúd nós mo ṡinnsear rómam ar feaḋ na gcéadta bliaḋan, agus admuiġim go mb'ḟeárr liom féin beiṫ im' O'Néill Ulaḋ 'ná im' rí ar Spáinn.

[Do ḋuiḃ ⁊ do ḋearg ag Mac Uilliam, noċt Bagenal ⁊ Siograḃ a gclaiḋeaṁta; seasaiṁ ḋá ġallóglaċ ar ġualainn Uí Néill.]

Mac Uilliam.—Gaċ claiḋeaṁ 'na ṫruaill. Éirt, a Iarla, cuirfiḋ baoṫ-ċainnt mar í sin do ċeann i gceannraċ. Tá dliġe i bfeiḋm do ċoisgeas ort-sa an ainm sin "Ó Néill" do ġabáil ċúgat féin, ⁊ géill do'n dliġeaḋ.

Ó N.—Géillim di, aċt má's maiṫ le triaṫ i gCúige Ulaḋ O'Néill do ġairm orm, ní ċoisgfeaḋ é.

Mac Uilliam [le feirg].—Cuirfead-sa d'ḟiaċaiḃ ort é, áṁ.

Ó N.—Ḟiaċaiḃ!—ní háil liom an focal. Má tá coir im' leiṫ agad-sa, éirtfead léi ⁊ freagróċad tú, aċt ní maiṫ liom aiġneas díoṁaoin mar so.

Mac U.—Is clos dúinn gur ġríosuiġis Ó Doṁnaill ċum eirġe amaċ. An séanann tú é?

O'N.—Cá bfuil do ḋearḃaḋ?

Mac U.—An séanann tú é? a deirim leat.

Ó N.—D'ḟreagras ċeana le sgríḃinn do ċeirt. Ceapaim go bfuil amras miorgaiseaċ agat orm, aċt muna gcreidir mé, tá maċairí míne i dTír Eoġain, agus taḃarfam sásaṁ duit annsúd.

D.—Gaḃ é láiṫreaċ. Méirleaċ is eaḋ é.

[Séideann Síoġráḋ stoc, agus gluaiseann móirḟeirear saiġdiúirí ar láṫair, "Ó Néill abú!" adeir na trí Gallóglaiġ i nguṫ árd ⁊ casaid a dtuaġa go bagarṫaċ.]

Mac Uilliam.—Sioṫċáin, adeirim. Tá an tIarla fá'm ċoimirc. Is é mo ṫoil go bḟillfiḋ sé ċum a ṫiġe gan ṁoill, aċt freagróċaiḋ sé do'n Ḃainríoġain go héasguiḋe.

Ó N. [go mín, measarḋa]—Freagróċad.

RAḊARC III.

Áit: Coill cois na Bóinne. Uain: Tuitimín an tráṫnóna.

[Na capaill ag tógaint sgíṫ. Tiġearnaí i gculaiṫiḃ gallóglaċa—Máġnus Ó Dóṁnaill, Art Ó Néill, Cúċonnaċt Maguiḋir—agus Ó Néill.]

Ó Néill.—Is cóir dúinn beiṫ ag druidim aḃaile. Béiḋ na capaill corṫa. Ní ḃfuaradar féin ná a marcaiġ fleaḋ ná féarda i gCaisleán Ḃail'-áṫ-Cliaṫ; aċt, dála an ḟéarda, do b'ḟearr ar 'ná ann é.

Máġnus.—Cionnus sain, a ġarḃráṫair? Is maiṫ linn fialṁaireaċt.

Ó N.—Aċt níor ṁaiṫ leat niṁ, is dóċa? "Seaċain an fíon, a Uí Néill!" do ráiḋ an dóirseóir.

Art.—Dream an ḟeill! Is minic do ċualas an sean-ḟocal, "Gáire Sasanaiġ, dranntán madra."

Cúċonnaċt.—Ṁaise, mo ṁíle greann na Sasanaiġ, ní ḋéanfainn aṁras díoḃ! Aċt, dar m'airm gaisge, béimíd suas leo fós. Is minic adeir mo ḋearḃráṫair Aoḋ ná brisfear cuing na hÉireann coiḋċe go mbéiḋ leoġan Ṫír Eoġain 'na ṫriaṫ ar Ċlann na nGaeḋeal.

Ó N.—Labair socair, a Ċúċonnaċt na n-arm glé; bíonn cluas ar an gcoill. Tá cladaraċ i ngar dúinn, ⁊ ċuirfinn geall go ḃfuil duine éigin ann.

CÚĊ. [I n-árd a ċinn 'sa ġuṫa]—Cia tá annsúd?

[Ḋruid na duilleabair imeasg na gcloċ, agus buail bean uasal amaċ ċúca ar an gcladaraċ. D'uṁluiġeadar dí.

BEAN-UASAL.—Móra ḋíḃ, a ṫiġearnaí Ulaḋ, agus duit-se, a Uí Néill—níor ṁeaṫ do ṡúil riaṁ ort. Tá scata fear ag Áṫ na Bóinne ag feiṫeaṁ liḃ; agus, má éiriġeann leó, béiḋ fuil ḃur gcroiḋe aca.

Ó N.—Cia tú féin, a ḃruinneall?

BEAN-U.—Mise Estar, cara Ṁeáible.

Ó N.—An 'mó fear ann, a ṗlúr na mban?

ESTAR.—Ḋá ḟear ḋéag, agus Siosráḃ Mór mar ċeann orṫa.

Ó N.—A ċáirde gaoil, tá ceaṫrar againn ann. An ngéaḃamuid tríoṫa?

MÁĠ.—Lean ar aġaiḋ, a ḃuinneáin Néill.

ART.—Tá triúr annso ná meaṫfaiḋ ort i mbeárnain.

CÚĊ.—An caṫ ar ḃur gcoimirc, a Uí Néill—gluais!

E.—A ḃuiḋean an ṁisniġ, ná leanaiḋ ar aġaiḋ go fóill. Ċuir Meáible Bagenal mise ar ḃur dtóir, agus tá mo ċapall taḃarṫa. Impiġim ort-sa, a Uí Néill, ná heitiġ filleaḋ liom ċum laḃarṫa le Meáible, mar ṁóidiġ an Ridire Bagenal go gcaiṫfiḋ sí—pé olc nó maiṫ léi é—an Tiġearna de Grae do ṗósaḋ.

Ó N.—Tá an spéir-ḃean i nDroiċead Áṫa ar ár mbóṫar, airiġim.

E.—Ní ḟuil i n-aon ċor. D'ḟág sí é go deóraċ. Tá sí ṫeas i nGlas Neiḋn fá ḋíon tiġe ṁúir de Ṡíográḃ, ⁊ ceapaim gan dearmad go ḃfuil seisean ar buile i ngráḋ léi.

Ó N.—A ḃráiṫreaċa grinn, bíoḋ leo ag an áṫ; fillfeam ar ais go Glas Neiḋn.

RAḊARC IV.

Áit: Glas Neiḋn—tiġ ċinn tuiġe. Uain: Meaḋón oiḋċe.

[Coinneall ar lasaḋ i ḃfuinneóig. Meáible ag fuaġáil agus ag sileaḋ na ndeór. Sean-Bean (Cáit Ḋuḃ) ag crónán cois na teineaḋ.]

CÁIT ḊUḂ.—Tá faol-coin a' faire ar áitiḃ na haḃann;
Tá'n triaṫ úd 's a aicme—an síolraċ na ndeaṁan!—
Dá dtraoċaḋ le Síográḃ ár mbláṫ-ḟear na lann.
Béiḋ liuġraiġ i nUlaḋ nuair cloisfear ar ball
Gur leagaḋ an aicme le Síográḃ na nGall;
Béiḋ deóra ar ainnir mar leanḃ le breall,
Mar meallaḋ an ainnir le draoiḋeaċt 's le feall;
Aċt is tréiṫ é an fear borb ó ċúige na mbeann
'Gur an triúr i n-aice 'na gcorpaiḃ gan ċeann.

[Estar ar láṫair.]

ESTAR.—Cad do ċloisim? Báḋḃ ag cnáṁdán. Cad do ċím? Bean óg uaiḃreaċ ag gol 'sa' caoi mar tá a tiġearna sa' ṁainreaċ.

[Caiṫeann Meáible uaiṫe an ḟuaġáil, niġean sí a láṁa 'gus a súla, filleann sí a gruaig, agus buaileann uirṫe féin brat liaṫ.]

[Bualaḋ ag an ndoras. Fosglann ESTAR ⁊ uṁluiġeann. Ó NÉILL ar láṫair. Uṁluiġeann do Ṁeáible agus pógann a láṁ. Uṁluiġeann MÁGNUS, CÚĊONNAĊT agus ART dí.]

CÁIT DUḂ.—Is é seo an Tiġearna de Ġraé gan aon amras. Fáilte is fiċe roṁat-sa, a ṫiġearna áluinn ċumasaiġ. Is tusa rí na ḃfear; is geal é do ċnear agus is móḋṁarac í do ṡúil. Molaim óm' ċroiḋe do ḃean.

E.—A Ċáit na teangan líoṁṫa leiṁe, is é seo an Tiġearna tréan Ó Néill Ulaḋ.

CÁIT.—Ó! luiġe na ḃfód ort féin ⁊ ar do ṡlioċt, a Ṫiġearna duiḃ Ṫír Eoġain! Fág mo ṫiġ go déaġair. Mo ċreaċ ċráiḋte! gan Siosráḃ na mbéimeann mór annso anoċt go ndéanfaḋ sé smior dod' ċnáiṁ.

[Cuireann ESTAR bos ar a béal. Ní ḟéaċann Ó Néill ar Ċáit, aċt caiṫeann sé sparán airgid 'na huċt.]

CÁIT.—Dar Rí na nDúl! is sáir-ḟear é,
An tiġearna séiṁ i dtuaiḋ;
Go raiḃ sonas 's séan
Gan gruaim gan léan
Ar gaċ n-aon do ṫiocfaḋ uaiḋ.

[Druideann ESTAR, an triúr Gallóglaċ, agus CÁIT DUḂ ar láṫair.]

Ó NÉILL.—A Ṁeáible óig na gcoċall mbán, cad é fát an turais seo?

Meáible.—Tá mo ṁáṫair i Sasana, agus má iarras tusa mar aṫċuinge ar an bḟear-ionaid mé leigean ar n-ais ċúice tabarfaiḋ sé do ġuiḋe ḋuit.

Ó N.—Is mór é do ḋeaḃaḋ ag fágaint na hÉireann d'ár ndóiċ.

M. [Ag cromaḋ ar ġol]—D'innis Estar ḋuit an fáṫ, b'ḟéidir?

Ó N.—A Ṁeáible Bagenal, ó'n lá úd do ċuireas rinn mo rosc ort ag Meala Fuinnte is tusa amáin ġráḋ mo ċléiḃ. An nglacfair mo láṁ ⁊ mo ċroiḋe?

M. [Go mánla]—Fearg mo ḋearḃráṫar liom! An áiriġeas tú é sin? Ní leóṁfainn é ar m'anam.

Ó N.—Leóṁfair é má's maiṫ leat féin é. Má ġoilleann sé ar do ḋearḃráṫair, bíoḋ leis.

[Téiḋeann Meáible go dtí an ḟuinneóg, sileann sí na deóir, filleann sí ar n-ais, buaileann sí a ceann ar ċuislinn Uí Néill, ⁊ pógann seisean a gruaḋ.]

Ó N.—Ní éalóċair liom, aċt béarfad liom tú láiṫreaċ bonn.

M.—Mo ċlú?

Ó N.—Do ċlú ar mo ċoimirc-se. Tá easbog ins an tiġ.

[Buaileann Ó Néill cluigín. Cáit Ḋuḃ ar láṫair.]

Ó N.—A Ṁáġnuis Uí Ḋoṁnaill!

[Máġnus, Cúċonnaċt, agus Art ar láṫair, agus an teasbog Seónsaċ.]

SEÓNSAĊ.—A ḃean-uasal óg, an nglacann tú Iarla Ṫír Eoġain? A Iarla Ṫír Eoġain, an nglacann tusa an ḃean-uasal Meáible Bagenal? Tagaiḋ liom go seomra eile mar a ḃfuil altóir gléasda.

[Aṁrán go ḃfilliḋ an lánaṁna.

[An lánaṁna ⁊ a gcuideaċta ar láṫair arís d'éis an ṗósda.]

MÁĠNUS, CÚĊONNAĊT, agus **ART**:

Go mairir do ḃean, a Uí Néill!
  Go mairir eisean, a ḃaintiġearna!
Go raiḃ an raṫaṁnas oraiḃ araon,
  Agus sliocht agus séan ó'n dTiġearna!

[Bualaḋ ag an ndoras. Fosglann Cáit Ḋuḃ.

[Fear ar láṫair ag cur alluis de.]

An FEAR.—Tá ḟios ag cáċ go ḃfuil Ó Néill annso—táṫar ar ḃur dtí. Féaċaiḋ amaċ!—tá soillse ar Ṁaċaire Life. Tá Sasanaiġ ann; beiḋfear ar ḃur dtóir láiṫreaċ.

Ó NÉILL.—Suiḋiḋ go socair, a ċáirdí. Tá bean nuaḋ-ṗósda Aoḋ Uí Néill annso, ⁊ mo ṫruaġ an dream do ċuirfeaḋ 'na gceann baint léi.

MÁĠ., CÚ., ART.—Hup—hurú—ú! Ó Néill abú!

CÚĊ—Tóg leat an sgéal sain, a ḟir ḋeórata. Tá Ó Néill Ulaḋ annso gan beann orta.

[Tugann MÁĠNUS dualgus do'n ḟear. Imṫiġeann an fear.]

Máġ.—Má tá fion agat, a bean tiġe, ólfamuid sláinte na lánaṁan.

Cáit.—Tá ⁊ fáilte. Leig dom faluing Uí Néill do ṗógaḋ ⁊ mala Baintiġearna Uí Néill.

[D'óladar sláinte, le "hup—hurú—ú!"]

Ó N.—Gléasaiḋ na capaill. Tá an bainis agus an fleaḋ a' fuaraḋ i dTulaċ Óg.

Bean Uí Ṅéill.—Má's cóir dom labairt lem' Ṫiġearna mór Ṫír Eoġain, tá Siográḃ ṫuas ar Áṫ na Bóinne. Tá feall 'na ċroiḋe, 'gus cruiṁ 'na ṡróin, 'gus ḋá ḟear ḋéag aige siúd róṁainn-ne.

Ó Néill.—Cad é ar mbeann
Ar bodaċ teann,
'S a ḋaosgar sluaġ ar bealaċ róṁainn-ne?
Ní ċloisfir ann
An claiḋeaṁ ná an lann,
Ní ḟuil samail na naṁaid ar Áṫ na Bóinne.

RAḊARC V.

Áit: Dúngeanainn. Uain: Maidean.

[Ollaṁ ag tráċt le Meáible agus Estar ar ḟinnsear Uí Néill. Meáible ag cuimilt cínn con.]
[Ó Néill agus a Rúnaire ar láṫair.]

Ó N.—Ċífir a ċéile-rúin fiaguiġeaċt indiu; béiḋ na coin ⁊ na sealgairí ullaṁ aimsir eadarta.

[Buaileann Meáible ⁊ Estar a ndá ndeárna le h-áṫas.]

M.—Cuirim ort, a Uí Néill, cia aca b'ḟearr leat go dtí sin, cluiċe fiṫċille, nó ceól na cláirsiġe?

Ó N.—Bíoḋ do roġa agat-sa.

[Buaileann sé cluigín, freagaran giolla.]

Ó N.—Cláirseóir ⁊ clár fiṫċille.

[Cláirseóir ar láṫair.]

CLÁIRSEÓIR.—Cad é baḋ ṁaiṫ leis an mbuiḋean ríoġaṁail.

Ó N.—Bíoḋ to roġa agat-sa, a ḃean tiġearna, an ceól is maiṫ leat-sa is maiṫ liom-sa é. Seinn suas, a ċláirseóir, ⁊ má's maiṫ léi-si ná staon go gcloisimíd glór na gcon ag uail ar iallaiḃ.

M.—Seinn ⁊ can an Róisín Duḃ.

[Seinneann an Cláirseóir "An Róisín Duḃ," Ó Néill ag éisteaċt, agus a lám ar a smeigín aige, gur críoċnuiġeaḋ an t-aḃrán.]

[Bualaḋ ar an ndorus : fear ar láṫair.]

Fear.—Is mise teaċtaire bainrioġna.

[Síneann sé litir ċum Uí Néill.]

Rúnaire Uí Néill.—Ar do ġlúnaiḃ i láṫair Uí Néill, a ṫeaċtaire.

Teaċtaire.—Ní gnáṫaċ é i ḃfiaḋnuise Iarla, d'uṁluiġeas dó.

Rúnaire.—Ar do ġlúnaiḃ go déaġair i ḃfiaḋnuise Uí Néill, a deirim leat.

[Feacann an teaċtaire a ġlúna go gruaimeaċ.]

Ó N.—Éiriġ a ṫeaċtaire.

[Éiriġeann sé. Imṫiġeann an ḃanntraċt as láṫair : léiġeann Ó Néill an litir, ⁊ preabann sé 'na ṡuiḋe.]

Ó N.—A rúnaire, réiḋ an buaḋḃal láiṫreaċ agus cuir an ġairm amaċ, ceapaim go ḃfuil arm na náṁad gléasda ar ár dteórannaiḃ ⁊ béiḋ sé anuas orainn muna ngéillmíd do'n litir seo, ⁊ ar m'onóir ní ġéillfeam. Cad do ḃéarfaḋ go gcuirfeaḋ Mac Uilliam a leiṫéid seo de litir ḋroċṁúinnte ċúġam, mo ḃean nuaḋ-pósta do ċur na geall síoṫċána go Baile-Áṫ-Cliaṫ agus bannaiḋe ṫaḃairt ná caḃróċaḋ le hÓ Dóṁnaill. Bailiġ, adeir an fear mí-iomċuir seo, gaċ fear claiḋiṁ id' ṫír ⁊ id' ċoṁluadar le hagaiḋ congnaiṁ do ṫaḃairt ċum Ó Dóṁnaill do ġaḃáil.

RÚNAIRE.—Ná léiġ a ṫuilleaḋ ḋí, a Uí Néill.

[Glacann Ó Néill cleite agus sgríoḃann.]

Ó N.—Sin é cloiċead coimirce, a ṫeaċtaire, má ḃéiḋ fear im' ċeanntar ar tí bárr méire do ḃualaḋ ort tearbáin é sin do. Ní ḟuil freagra agam do'n ḟear ionaid. Gread leat.

[Teaċtaire ar láṫair.]

[Bualaḋ ar an ndorus. Beirt ḟear faire ar láṫair.]

An Ċéad ḞEAR FAIRE.—Ċonnarcas sluaġ ag Árd Maċa ar maidin indiu, a n-aġaiḋ i ndeas.

An Dara FEAR FAIRE.—Ċonnarcas dóiġteán ar teórainn Ṁuineaċáin tráṫnóna indé, ⁊ sluaġ ag triall i ndeas.

Ó NÉILL.—Bíoḋ leó. Támuid ullaṁ i gan ḟios dóiḃ, buiḋeaċas mór le Dia; ṡíliḋ muinntir an ḟeill go raḃamar 'nár gcodlaḋ.

RAḊARC VI.

Uain: An tráṫnóna céadna le luiġe gréine.

[Ó Néill gléasda, armṫa. Sluaiġte Ulaḋ—a bpíoba a' seinnm—ag triall ó gaċ áird go faiṫċe Ḋúingeanainn. Labrann Ó Néill leó.]

Ó Néill.—A ḃuiḋean nár ṫréig an caṫ, tá an naṁaid ċealgaċ ar ár dteórainn. Tá an oiḋċe, le n-a sgamalaiḃ, ag tuitim anuas ar Ulaḋ na laoċ; aċt éireóċaiḋ an ġrian go taiṫneaṁaċ i mbáraċ, ⁊ éireóċaiḋ 'na teannta, grian an ċirt ⁊ bríġ ⁊ buaḋ na ḃfear gcalma, slioċt Ċuinn ⁊ Airt, nár ġéill do ḋaoirseaċt riaṁ. Gluaisiḋ!

[Na sluaiġte i n-aon ġuṫ: "Láṁ Dearg abú!"]

[Gluaiseaċt sa n-oiḋċe go Druimḟliuċ. Ó Néill le h-éirġe an lae ar ċárnán, ag féaċaint ó ḋeas, ⁊ a ṫaoisiġ le n-a ċois. Tagann ceaṫrar gallóglaċ ar láṫair ⁊ ḋá ḃraiġde aca. Labrann Cúċonnaċt leó.]

Cúċonnaċt.—Cia hiad so agaiḃ?

Gallóglaċ.—Ag triall dúinn tarsna Áṫ na Duḃ-aḃann roiṁ lá ċonnċamar laoċ mór ar an bport ṫeas, ⁊ ḃeannuiġeamar dó, aċt ṫug sé na mionna móra dá leanamuis ar aġaiḋ go mbéaḋ ar gcinn aige. Leanamar, áṁ, ⁊ ṫug sé cúl orainn. Ġaḃamar an ḃeirt seo i mbóiṫrín cois na háite ⁊ scéiṫiḋ ceann aca.

Deir sé gurab é Siogfráḃ an laoċ úd, agus go raḃadar araon agus eisean ar a sliġe go Dúngeanainn ċum Ḃaintiġearna Uí Néill d'ḟuadaċ.

Ó Néill.—Cad deir an fear sain?

Gall.—Deir an fear so do ġaḃamar, a ṫiġearna, go bfuil Siogfráḃ ar do ṫí-se. Tá sé ar tí cóṁraic aen-ḟir do ċur ort.

Ó N.—Ní sgéal nuaḋ é sin; tá an sgéal dá aiṫris i mBaile Áṫ Cliaṫ le mí.

Gall.—Ċuala an ḃean-síḋe ag caoineaḋ aréir i gCluain Tiobraid. Is é Siogfráḃ na Lann an fear is tréine imears na Sagsan. Iarraim mar aṫċuinge ort, a Uí Néill, gan troid leis; bainfead-sa féin cor as id' ionad-sa.

Ó N.—Go raiḃ míle maiṫ agat, a Ḋóṁnaill ṁóir Maguiḋir. Sguir ó'n sgéal úd an cor so; aċt ar innis an braiġde ḋuit an 'mó fear atá leis an Sasanaċ i gCluain Tiobraid?

Gall.—Ċonnac lem' ḋá ṡúil féin an sluaġ 'na suiḋe ar Ċluain Tiobraid, agus d'áirṁiġeas ann le solus gealaiġe, dar liom, trí ṁíle fear. Adeireas fós an priosúnaċ so liom go bfuil ċeiṫre ṁíle fear 'na suiḋe ag Druimḟliuċ. Aċt seaċain tú féin, a Uí Néill, ar Ṡiogfráḃ calma na Lann. Impiġim an méid sin ort.

Ó N.—A Ṁágnuis, a Ċúċonnaċt, ⁊ a Airt, an cat ar ḃur gcoimirc. Tá sluaiġte líonṁara i n-aġaiḋ Ulaḋ. Tá sé d'ḟiaċaiḃ orainn an naṁaid do ċlaoiḋ ar Ċluain Tiobraid. Gluaisiḋ!

[Glór na gclaiḋeaṁ i bfad uainn, ⁊ seinnm árd na bpíob. Gluaiseann Ó Néill tarsna an ṁaċaire agus spíosuiġeann sé Clann Ulaḋ. Casann Síográḋ air ar bruaċ na habann ⁊ cuireann liuġ as.]

Síográḋ.—Seasaiṁ, a Iarla ḋuiḃ Ṫír Eóġain! Tá do ġnó déanta anois. I gcionn lae go n-oiḋċe béiḋ Meáible ṁánla 'na leanán agam. Béiḋ seaḃaic agus fiag ḋúḃa na gcnoc ag troid ós cionn do ċoirp, 'gus gan aon dod' ċoṁluadar ṁalluiġṫe suas, le dorn cré do ċaiṫeaṁ ort.

Ó Néill.—A ḃodaiġ ṁóir na Sagsan, do ċeap le meataċt ⁊ feall mo sgórnaċ do ġearraḋ ag Áṫ na Bóinne, tarraing i leiṫ, mar tá amplaḋ ċum do ċonnablaiġ ar ṁadraiḃ geárra.

[Cóṁraicíd siad. Cuireann sé Ó Néill i ndiaiḋ a ċúil agus cuireann air go dian. Sgreadann Mágnus, Cúċonnaċt, agus Art. Éiriġeann misne ar Ua Néill, tiomáineann sé i ndiaiḋ a ċúil Síográḋ, buaileann sé baic-ḃéim air; teanntuiġeann Síográḋ leis agus beireann barróg air, aċt caiṫeann Ó Néill é ar ṗleasg a ḋroma, buaileann sé blosg-ḃéim air ar tuitim, ⁊ cuireann sé a ċos ar a ċliaḃ. Tarraingeann Síográḋ an anál—bás Síográḋ liuġ na ḃfear.]

RAḊARC VII.

Áit: Béal Áṫa Buiḋe. Uain: Éirġe an Lae.

[Ó Néill, Máġnus, Cúċonnaċt, Art ⁊ ceaṫrar eile i gcomairle cogaiḋ.]

Ó Néill (ag preabaḋ 'na ṡuiḋe).—Cloisim, má ṁairim, píoba gluaiseaċta Ṫír Ċonaill. Béiḋ Aoḋ Ruaḋ annso láiṫreaċ.

Máġnus.—Cloisim-se leis iad, agus eiteallann mo ċroiḋe—aċt éist! cluinim ceól ag gabáil aniar ⁊, dar mo ḃaisde, tá Aoḋ Mag Uiḋir i dtosaċ, an laoċ is calma do ṫáinig riaṁ ó cuireaḋ 'sa t-úir Osgar óg na bḞiann.

Ó N.—Aċt féaċ anois, a ḃráiṫre! Tá Bagenal ar siuḃal go moċ. Ṫug sé na móiḋe go mbiaiḋ a ḋeirḃḟiúr Meáible 'na baintreaḃaċ sul ċaillfeaḋ an crann-úḃall a ṫoraḋ.

Art.—Tá an claiḋeaṁ i ngar do ṫreasgar Siograḃ.

Cúċonnaċt.—Naċ dán iad dream an ḟeill d'éis an ġreas do ḃuaileamar orṫa i gCluain Tiobraid agus i nDruimḟliuċ; aċt beirim-se liaiġ go ngeoḃaid siad cluiċe indiu go mairfiḋ a ċuiṁneaṁ fad do ḃéiḋ sruṫ ag triall ċum sáile.

Ó N.—Cuireann do ċainnt i gcuiṁne ḋom go raḃais-se agus mise i nguais ár mbáṫaḋ ar lár na fairrge. D'éiriġ bean-sgéiṁ áluinn go hobann ar cúḃar na mara, agus ṫairig sí ḋoṁ-sa min-ríoġaċda na hÉireann; aċt d'áitiṁis orm diúltaḋ ḋí, mar dar leat duḃairt an ġruagaċ leat naċ raiḃ sé 'ndán d'aon ḟear de Ċlann Uí Néill seasaṁ a tuilleaḋ ar an Lia Fáil ṫíos i dTeaṁar na Ríoġ. Baḋ ṁaiṫ liom fáistine d'ḟaġáil ar sin, aċt ċím an ṁeirg ṁeablaċ ag druidim linn. Séid an buaḋḃal, a ċuraí an lae ċruaiḋ.

Máġ.—Ċonnarc-sa féin im' aisling aréir an ġruagaċ ṫíos imeasg na gcorp——

Ó N.—Sguiream de ċainnt ar ṫrom-luiġe an cor so. Tá an náṁaid ag gaḃáil 'nár dtreó. Dia le hÉire!

[Séideann an buaḋḃal ⁊ cruinniġeann na fir.]

Ó N.—A ḃuiḋean mo ċléiḃ, a laoċra Ulaḋ, caḃair Dé ċugainn! Bíoḋ neart 'nḃur láṁa ⁊ dóiċ 'nḃur gcroiḋe, ⁊ mairfiḋ ḃur gclú go Lá an Luain. Tá an sean-náṁaid—dream agus síol na ndeaṁan—os ḃur gcoṁair, do loc ḃur dtír, do sgaip ḃur gcineaḋ, ⁊ do ḋéanfaḋ tráillí ḋíḃ. Buailiḋ mar ḃuailfeaḋ ḃur sinnsear roṁaiḃ—buailiḋ le neart, buailiḋ le fuaim, buailiḋ ⁊ brisiḋ na cnáṁa 's na cinn, buailiḋ

mar ḃuaileann an tonn ar an tráiġ, milliḋ
mar ṁilleann an lasair an crann, stracaiḋ
mar stracfaḋ na faolċon an fiaḋ, gearraiḋ
mar ġearran an sgian ṫré ṁairt-ḟeóil,
sgaipiḋ na Danair mar sgaipfeaḋ an síon
cáiṫleaċ an ċoirce ⁊ borraċ an lín.

Na FIR go léir.—"Láṁ Dearg abú!"

[Caṫ an Áṫa Ḃuiḋe, fuaim na mbuillí, gleó na ḃfear 'sa' ḃruiġin; an náṁaid ag teiṫeaḋ. Meirg Uí Néill ar bárr. Liúġ agus lúṫġáir na ḃfear.

RAḊARC VIII.

ÁIT: Dúngeanainn. UAIN: An tráṫnóna.

[Fáilte Uí Néill. Ceól—an ṗíob agus an ċláirseaċ. Aḃrán buaḋṫaċ ("Ó Dóṁnaill Abú," nó ceann eile). Rinnce os coṁair Uí Néill.]

(CRÍOĊ.)

LIBRARY
14
[illegible]
1976
UNIVERSITY OF TORONTO

GAELIC LEAGUE PUBLICATIONS.

Gaelic League Series.—Simple Lessons in Irish.

		Post Paid			
		s.	d.	s.	d.
1.	**Simple Lessons in Irish,** giving the pronunciation of each word. By Rev. Eugene O'Growney. Part I. (*35th Edition*, 211th *Thousand*).	0	3	0	4
2.	Do. do. (*17th Edition, 76th Thousand*) Part II.	0	3	0	4
3.	Do. do. (*9th Edition, 35th Thousand*) Part III.	0	6	0	7
4.	Do. do. (*5th Edition, 19th Thousand*) Part IV.	0	6	0	7
5.	Do. do. (*3rd Edition, 13th Thousand*) Part V.	0	6	0	7

Gaelic League Series—Irish Texts.

1.	**Dánta, Aṁráin is Caointe Seaṫrúin Céitinn.** The Poetic Works of Rev. Geoffrey Keating, D.D. Edited with Introduction and Vocabulary, by Rev. J. C. MacErlean, S.J., B.A. Crown 8vo, 224 pages. Paper Wrapper., *Net*	1	0	1	3
	Do. Cloth, gilt	1	6	1	9
	Do. Leather, gilt edges	2	0	2	3
2.	**Aṁráin Eoġain Ruaiḋ Uí Ṡúilleaḃáin.** The Songs of Eoghan Ruadh O'Sullivan. Edited, with Introduction and Vocabulary, by Rev. P. S. Dinneen, M.A. Crown 8vo, 260 pages. Paper Wrapper *Net*	1	6	1	9
	Do. Cloth, gilt	2	0	2	3
	Do. Leather, gilt edges	2	6	2	9
3.	**Aṁráin Seaġáin Ċláraiġ Ṁic Ḋoṁnaill.** The Songs of Seaghán Clárach MacDonnell. Edited, with Introduction and Vocabulary, by Rev. P. S. Dinneen, M.A. Paper Wrapper	1	6	1	9
	Do. Cloth, gilt	2	0	2	3
	Do. Leather, gilt edges	2	6	2	9
4.	**Dánta Séafraḋ Uí Ḋonnċaḋa an Ġleanna.** The Poems of Geoffrey O'Donoghue of the Glen. Edited, with Vocabulary, by Rev. P. S. Dinneen, M.A. Paper Wrapper	1	0	1	2
	Do. Cloth, gilt	1	6	1	9
	Do. Leather, gilt edges	2	0	2	3
5.	**Dánta Piarais Feiritéir.** The Poems of Pierce Ferriter. Edited, with Introduction and Vocabulary, by Rev. P. S. Dinneen, M.A. *(In the Press)).*				

Gaelic League Series.—Popular Booklets.

(Demy 8vo. 16 pages.)

		Post Paid.			
		s,	d.	s.	d.
1.	**An tAiṫriseóir.** An Irish Recitation Book. Edited by Tadhg O'Donoghue and P. H. Pearse, B.A., Barrister-at-Law. Part I. (*2nd Edition, 6th Thousand*)	0	1	0	1½
2.	**Ráiteaċas.** Conversational Ulster Irish (Republished from Nelson's "Introduction to the Irish Language.") Part I. (*2nd Edition, 6th Thousand*)	0	1	0	1½
3.	**I dTaoiḃ na hOibre.** A Pamphlet for Irish Speakers. By Owen Naughton	0	1	0	1½
4.	**Greann na Gaeḋilge.** Humorous Short Stories. By Henry Morris. (*2nd Edition, 6th Thousand*)	0	1	0	1½
5.	**Taḋg Gaḃa.** A Humorous Tale of Kerry Life. By J. J. Doyle. (*2nd Edition, 6th Thousand*)	0	1	0	1½
6.	**Sean-ḟocail na Muṁan.** The Proverbs of Munster. Collected by Tadhg O'Donoghue. Part I.	0	1	0	1½
7.	**Bláṫa Bealtaine.** Three Short Stories, translated from the English of Mary E. L. Butler, by Thomas Concannon, 24 pages. Illustrated	0	2	0	3

Gaelic League Series—Gaelic Journal Booklets.

1.	**Gráḋ ⁊ Cráḋ.** A Short Story by Agnes O'Farrelly, M.A. 28 pages.	0	1	0	1½

Gaelic League Series.—Original Irish Works.

1. Cormac Ua Conaill. An Historical Romance, dealing with the fortunes of a Kerry peasant lad during the Desmond wars in the 16th century. By Rev. P. S. Dinneen, M.A. Crown 8vo. 90 pages ... ... Net 1 0 1
Do. Cloth, gilt 1 6 1

Gaelic League Series—Original Irish Works (co

Post P
s. d. s.

2. Cill Áirne. A Description of the Scenery of the Killarney Lakes. By Rev. P. S. Dinneen, M.A. Illustrated. Leather, gilt edges ... ... Net 2 0
Do. Cloth, gilt ... ... „ 1 6
Do. Paper wrapper ... ... „ 1 0
3. Beaṫa Eoġain Ruaiḋ Uí Ṡúilleaḃáin. The Life of Eoghan Ruadh O'Sullivan. By Rev. P. S. Dinneen, M.A. Paper 0 9
Do. Cloth, gilt 1 3
Do. Leather, gilt edges 1 9
4. Seóda na Sean. A Collection of Old Tales re-told. By Thomas Concannon. Illustrated. (*In the Press.*)

Gaelic League Series.—Irish Folklore.

1. Sgéalaiḋe Fearnṁuiġe. A Collection of Monaghan Folk-tales. Edited, with short Notes and Glossary, by J. H. Lloyd. 128 pages. Paper wrapper ... ... Net 0 9
2. Trí Sgéalta. The Three Stories which won First Prize in Folk-Lore competition at *Oireachtas*, 1900. Edited, with Vocabulary, by Douglas Hyde, LL.D. Paper ... 0 9

Gaelic League Series.—Irish School Reader

1. Príṁleaḃar Gaeḋilge le haġaiḋ na Naoiḋeanán. An Irish Infant Primer. 32 pages. Illustrated. (*5th Edition, 29th Thousaud*) 0 1
2. An Ċéad Léiġṫeóir Gaeḋilge. The First Irish Reader. 64 pages. Illustrated 0 2

Gaelic League Series—Irish Songs and Mus

1. Cláirseaċ na nGaeḋeal. A collection of Irish Songs, with Airs in Staff and Tonic Sol-fa Notations. Edited by Brendan Rogers and J. H. Lloyd. Demy 4to, 12 pages. Part I. ... ... — ... 0 3
Do. Part II. 0 3
2. Ceaṫa Ceóil. Popular Irish Songs, with Accompaniments. Arranged by Carl G. Hardebeck.
Siuḃail, a Ġráḋ 0 2
An Draiġneán Donn 0 2
Róisín Duḃ 0 2

The Oireachtas Proceedings.

1. Imṫeaċta an Oireaċtais, 1897. 124 pages Net 1 0
2. Do. do 1898. Edited by Tadhg O'Donoghue and Norma Borthwick. 100 pages Net 1 6
3. Imṫeaċta an Oireaċtais, 1899. Edited by S. J. Barrett. 174 pages ... ... Net 1 6

Gaelic League Pamphlets.

Gaelic League Pamphlets, 1 to 24, 1d. each, post free, 1½d.; 9d. per dozen, or 5s. per 100, post free.

Gaelic League Leaflets.

1. Dá Áḋḃar Déag. Twelve Reasons for knowing Irish 0 1
2. **Two Schools: A Contrast.** By Mary E. L Butler 0 1

The above may be had at 9d. per doz., or 5s. per 100, post free.

Students' Handbooks.

1. Leaḃar Cainte. The Prize Oireachtas Phrase Book. By J. J. Doyle. Edited by S. J. Barrett. Crown 8vo, 172 pages. Paper wrapper ... ... Net 1
Do. Cloth, gilt 1

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY